# Triail Chaighdeánaithe MDLI-G

# Dearbhú maidir le Cosaint Sonraí – Eolas do Dhaltaí, Tuismitheoirí agus Múinteoirí

**Eolas maidir le Triail Chaighdeánaithe MDLI-G**

Tá triail litearthachta nua trí Ghaeilge á forbairt do scoláirí atá ag freastal ar scoileanna Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. An t-ainm atá ar an triail seo ná an MDLI-G (*Measúnú agus Diagnóisic Litearthachta don Iar-bhunscoil – Gaeilge*). Tá an triail seo á forbairt ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) agus ag an bhForas Taighde ar Oideachas (FTO).

Mar chuid den obair seo, caithfimid an triail a riar ar shampla ionadaíoch scoláirí i scoileanna ar fud na tíre. Tabharfaidh sé seo deis dúinn "noirm" a fhorbairt don triail, rud a chiallaíonn go mbeidh múinteoirí in ann úsáid a bhaint as an triail amach anseo chun gnóthachtáil a gcuid scoláirí a chur i gcomparáid le gnóthachtáil na scoláirí i scoileanna Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ar bhonn náisiúnta.

**Ainm agus sonraí teagmhála an rialtóra:**

An Foras Taighde ar Oideachas
Campas Choláiste Phádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Bóthar Dhroim Conrach Uachtarach
Baile Átha Cliath 9
Éire
Teileafón: +353 1 837 3789
Ríomhphost: development@erc.ie

**Ar cén chúis a dhéantar sonraí a bhailiú agus a phróiseáil?**

Tá an bailiú agus próiseáil sonraí riachtanach má táthar chun cloí le hoibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialtóir faoina réir (RGCS Airteagal 6.1c). Sa chás seo, tá feidhm reachtúil ag an bhForas seirbhís tacaíochta measúnaithe a sholáthar do scoileanna agus tá forbairt an MDLI-G mar chuid den tseirbhís sin. (Tá Ordú Bunaithe an Fhorais, ina leagtar amach feidhmeanna an fhorais mar chomhlacht reachtúil, le léamh ar https://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/si/392/made/en/print).

**Cén t-eolas a iarrtar?**

***Eolas ó scoláirí***

Iarrtar ar dhaltaí an measúnú i dTriail Chaighdeánaithe an MDLI-G a chur i gcrích. Tá an measúnú deartha chun eolas scagtha agus diagnóiseach a sholáthar ar a gcumas sa Ghaeilge i gcúig réimse den litearthacht: léamhthuiscint, luas léitheoireachta, focail a léamh os ard, litriú agus scríbhneoireacht. Iarrtar orthu lena chois sin ceistneoir a chur i gcrích le heolas a thabhairt ar a n-inscne, aois, leabhair atá sa bhaile agus an úsáid a bhaineann siad de ghnáth as an nGaeilge/teangacha eile sa bhaile agus ar scoil. Beimid in ann mar sin breathnú go grinn ar úsáid an mheasúnaithe le grúpaí éagsúla (mar shampla, éagsúlacht inscne i measc scoláirí; scoláirí a labhraíonn Gaeilge go rialta sa bhaile i gcomparáid leo siúd nach labhraíonn riamh).

Bailítear ainmneacha scoláirí chun próiseas riartha na tástála a dhéanamh níos éifeachtaí. I scoileanna áirithe ina ndéantar an measúnú Béarla, an PPAD-E, a riar, iarrfaidh an Foras ar an scoil

sonraí scoláirí ó thriail chaighdeánaithe an MDLI-G a chur lena gcuid sonraí ó thriail an PPAD-E (agus a n-ainm a úsáid). An chúis atá leis sin ná go dtabharfaidh sé deis dúinn comparáid a dhéanamh ar leibhéal comhiomlán idir leibhéal litearthachta na nscoláirí sa Ghaeilge i gcomparáid leis an mBéarla.

***Eolas ó Mhúinteoirí***
Iarrtar ar mhúinteoirí Gaeilge i ranganna sampláilte agus ar an Múinteoir Tacaíochta don Ghaeilge ceistneoirí a chur i gcrích. Tá ceisteanna sa cheistneoir do mhúinteoirí Gaeilge a bhaineann le taithí mhúinteoireachta, forbairt ghairmiúil agus le húsáid agus múineadh na Gaeilge sa scoil. Tá ceisteanna sa cheistneoir don Mhúinteoir Tacaíochta don Ghaeilge maidir leis an méid agus cineál tacaíochta a thugtar do dhaltaí a mbíonn cuidiú breise uathu leis an nGaeilge ar ~~an~~ scoil, tuairim na múinteoirí ar ábharthacht na gcodanna éagsúla den MDLI-G agus faoi acmhainní tacaíochta atá ar fáil faoi láthair trí Ghaeilge.

**Rannpháirtíocht**
Níl aon oibleagáid ar aon duine páirt a ghlacadh sa staidéar. Bíodh sin mar atá, táimid ag súil go mbeidh ráta ard rannpháirtíochta i gceist mar go gcabhróidh sé seo lena chinntiú go léireoidh na noirm ón tástáil patrúin ghnóthachtála a bhaineann le raon leathan scoláirí i suíomhanna scoile éagsúla, agus go bhfuil eolas againn ó scoláirí agus ó mhúinteoirí faoina gcomhthéacsanna oideachais ionas go gcabhróidh sé linn na torthaí tástála a thuiscint.

- Ní bheidh scoláirí faoi aon mhíbhuntáiste ar aon bhealach má shocraíonn siad gan an triail nó an ceistneoir do dhaltaí a chur i gcrích. Ní bheidh múinteoirí faoi aon mhíbhuntáiste ar aon bhealach má shocraíonn siad gan an ceistneoir do mhúinteoirí a chur i gcrích.
- Tugtar litreacha eolais do thuismitheoirí agus scoláirí seachtain ar a laghad sula ndéantar aon tástáil. Tá foirm chun tarraingt siar á cur ar fáil. Más mian leo, is féidir le tuismitheoirí (nó le scoláirí/tuismitheoirí le chéile) an fhoirm sin a chomhlánú agus a chur ar ais chuig comhordaitheoir na scoile.
- Más rud é go ndéanfaidh rannpháirtí sa staidéar triail agus/nó ceistneoir a chomhlánú agus a chur ar ais *agus* é sin gan foirm chun tarraingt siar a chur ar ais, beidh an duine sin ag glacadh leis gur féidir na sonraí sin a bhailiú agus a phróiseáil.
- Féadfaidh aon rannpháirtí comhaontú a tharraingt siar maidir le próiseáil sonraí gan aon chúis a lua go ceann 4 seachtaine i ndiaidh na dtrialacha a riar.
- Más mian le haon rannpháirtithe an t-eolas a bhaineann leo a bhaint nó a leasú féadfaidh siad teagmháil a dhéanamh leis an bhForas Taighde ar Oideachas (ar development@erc.ie). Má tharraingíonn duine siar ón staidéar, ní dhéanfar aon sonraí breise a bhailiú ón duine sin.
- Is féidir ceisteanna maidir leis an tslí a ndéantar sonraí pearsanta a chosaint a chur chuig Oifigeach Cosanta Sonraí an Fhorais (data.protection@erc.ie).

**Cé na cineálacha sonraí a bhailítear?**
Déantar sonraí ó na freagraí ar cheisteanna i dtriail an MDLI-G agus sna ceistneoirí a bhailiú agus a stóráil. I gcodanna áirithe den triail is scór mar uimhir a bheidh i gceist leis sin (mar shampla 1/0). I gcodanna eile den triail is é a bheidh i gceist ná an scór chomh maith leis an bhfreagra a tugadh (mar shampla, má iarrtar ar dhaltaí focal a roghnú le bearna a líonadh i sliocht as téacs, coinneofar taifead dá rogha focail chomh maith le huimhir chun freagra ceart (1) nó mícheart (0) a chur in iúl). Ceisteanna ilrogha atá sna míreanna go léir sa cheistneoir do dhaltaí. Déanfar freagraí a thaifeadadh ina n-uimhreacha leis na roghanna a léiriú. Ceisteanna ilrogha atá i gcuid de na míreanna sa cheistneoir do mhúinteoirí agus na freagraí á stóráil i bhformáid uimhreacha. Ceisteanna oscailte iad

na cinn eile. I gcás míreanna oscailte den cheistneoir, déanfar aon téacs a chuirfear isteach a stóráil go díreach mar a bheidh sé agus b'fhéidir go ndéanfaí cóid théamacha a shannadh agus a stóráil i bhformáid uimhreacha.

Ní bheifear in ann eolas ón triail agus ón gceistneoir a úsáid astu féin chun freagróirí ar leith a shainaithint de réir a n-ainm. Úsáidtear comhartha aitheantais scoláire, áfach, chun gach scoláire a shainaithint. B'fhéidir go mbeadh eolas ar an gceangal idir an comhartha aitheantais agus ainm an scoláire ag comhordaitheoir scoile an MDLI-G (múinteoir - sa scoil), an ball foirne a dhéanann an measúnú a riar (ball foirne na scoile, de ghnáth), foireann SNSO/FTO a thabharfaidh cuairt ar roinnt scoileanna chun monatóireacht a dhéanamh ar an triail, agus fochonraitheoirí an Fhorais (ár gcomhpháirtithe iontrála sonraí). Úsáidtear comhartha aitheantais ranga chun múinteoir Gaeilge gach rang a roghnaítear a shainaithint. Úsáidtear comhartha aitheantais scoile chun an Múinteoir Tacaíochta a shainaithint. Cé nach ndéantar ainmneacha múinteoirí a bhailiú go foirmiúil, má thugann scoileanna ainmneacha múinteoirí mar aitheantóirí ranga agus/nó má luaitear iad go neamhfhoirmiúil mar chuid den riarachán, tá seans ann go mbeidh an t-eolas sin ag comhordaitheoir scoile an MDLI-G (múinteoir sa scoil), ag anm ball foirne a dhéanann an measúnú a riar (ball foirne na scoile, de ghnáth), agus ag foireann forbartha na trialach san Fhoras.

**Cén áit a ndéantar na sonraí ó Thriail Phíolótach an MDLI-G a stóráil, cén modh agus cá fhad?**
Déantar sonraí ó thriail phíolótach an MDLI-G a stóráil faoi ainmneacha bréige: déantar iad a phróiseáil ar shlí nach bhféadtar na sonraí pearsanta a cheangal le suibiacht shainiúil na sonraí gan eolas breise a úsáid (aon eolas breise den sórt sin á choinneáil ar leithligh agus faoi réir bearta teicniúla agus eagraíochta lena chinntiú nach ndéantar na sonraí pearsanta a cheangal le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta. Ní féidir le daoine seachtracha ná córais sheachtracha rochtain a dhéanamh ar na sonraí seo. Ina theannta sin, i gcás aon fhostaithe ón bhForas a dhéanann rochtain ar na sonraí chun iad a phróiseáil, tá siad curtha ar an eolas faoin gcaoi inghlactha chun plé le sonraí agus tá comhaontú rúndachta sínithe acu.

Is mar seo a leanas a dhéantar na sonraí a stóráil:
Déantar sonraí ó na freagraí a stóráil go deo ionas go mbeidh siad ar fáil chun tagairt a dhéanamh dóibh/anailís a dhéanamh orthu.

Déantar sonraí pearsanta a stóráil go dtí Deireadh Fómhair 2025 ionas go mbeimid in ann seiceálacha sonraí a dhéanamh agus taifead a choinneáil de nósanna imeachta riaracháin ón triail phíolótach. Sonraí gan ainmneacha iad ag an bpointe sin ionas nach mbeadh bealach ar bith ann rannpháirtí ar leith a shainaithint.

**Naisc idir na sonraí**

Tá sonraí gnóthachtálacha scoláirí i dtriail an MDLI-G (agus PPAD-E, más cuí) bainteach lena bhfreagraí i gceistneoir an MDLI-G agus leis na freagraí ón múinteoir Gaeilge agus ón múinteoir tacaíochta don Ghaeilge ina scoil i gceistneoirí na ndaoine sin faoi seach.

**Cé lena ndéantar sonraí ó Thriail Chaighdeánaithe an MDLI-G a chomhroinnt agus cén modh a úsáidtear?**

Mar chuid den phróiseáil tosaigh, d'fhéadfadh an Foras cuid de na sonraí ó Thriail Chaighdeánaithe an MDLI-G a chomhroinnt lena fhochonraitheoirí (mar shampla le haghaidh iontráil sonraí i gcás

ceistneoirí ar páipéar). Tá Comhaontú Próiseála Sonraí agus comhaontú rúndachta sínithe ag gach fochonraitheoir leis an bhForas. Beidh sonraí pearsanta le feiceáil go sealadach ag riarthóirí na trialach ón SNSO agus iad sa scoil ach ní dhéanfaidh siad rochtain orthu ina dhiaidh sin. B'fhéidir go ndéanfaí sonraí ón triail agus ón gceistneoir faoi ainm bréige a chomhroinnt leis an SNSO le linn an phróisis iontrála sonraí, códaithe sonraí agus anailísithe sonraí (mar shampla, mar chuid de phlé ar na freagraí ar léamhthuiscint ar cheart marcanna a thabhairt dóibh). Déanfar na sonraí ar fad a bhainfidh leis an tionscadal seo a stóráil ar fhreastalaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (in Éirinn agus cóipeanna cúltaca ar fhreastalaithe eile san Eoraip).

Tar éis na sonraí tástála a scóráil, roinntear sonraí tástála MDLI-G do na scoláirí rannpháirteacha leis an gcomhordaitheoir scoile MDLI-G ina scoil (múinteoir sa scoil). Déantar é seovchun ligean do scoileanna torthaí ó chaighdeánú MDLI-G a úsáid chun cinntí a threorú maidir leis an mbealach is fearr chun tacú le foghlaim litearthachta scoláire ag leibhéal an duine aonair agus an ghrúpa. D'fhéadfadh go n-áireofaí sna torthaí a roinntear moltaí le haghaidh idirghabhálacha cuí bunaithe ar cé acu an dtagann scóir scoláirí i réimsí trialach ar leith le raonta peircintíle sonraithe.

Féadfar sonraí comhiomlána gan ainmneacha a úsáid mar bhonn le cuir i láthair ag comhdhálacha hailt taighde (mar shampla, in irisí piarmheasúnaithe). Ní bheidh aon duine ná scoil inaitheanta choíche óna leithéid de shonraí.

**Cinnteoireacht agus próifíliú uathoibrithe**

Ní dhéantar aon chinnteoireacht uathoibrithe dá dtagraítear in Airteagal 22 den RGCS, próifíliú san áireamh. Mar sin féin, mar a mhínítear thuas, d'fhéadfadh go n-áireofaí i dtorthaí trialacha na scoláirí a roinntear le scoileanna moltaí maidir le hidirghabhálacha cuí bunaithe ar cé acu an dtagann scóir na scoláirí i réimsí trialach ar leith le  raonta sonraithe peircintíle. Ní mheastar gur cinnteoireacht uathoibríoch é seo mar is faoi rogha na scoile atá léirmhíniú agus feidhmiú na moltaí seo. Ní féidir torthaí MDLI-G a úsáid mar bhunús amháin le cinntí ar – mar shampla – socruithe réasúnta i scrúduithe stáit, cé gur féidir go bhféadfadh siad gníomhú mar phíosa fianaise amháin a úsáidtear in iarratas dóibh.

**Cearta an duine is ábhar do na sonraí**

Tá Daoine is Ábhar do na Sonraí i dteideal na gceart atá leagtha amach in Airteagail 15-21 den RGCS.

Tá sé de cheart ag na Daoine is Ábhar do na Sonraí gearán a dhéanamh le húdarás maoirseachta. An t-údarás ábhartha in Éirinn:

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
21 Cearnóg Mhic Liam Theas
Baile Átha Cliath 2
D02 RD28
Suíomh gréasáin: www.dataprotection.ie